Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

## IS FÚTSA ATÁ SÉ ANOIS A CHINNTIÚ GO BHFUIL TÚ CLÁRAITHE CHUN VÓTÁIL.

**Clárú Nua**
Tionólfar na reifrinn ar na moltaí atá sa Bhille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach) 2023 agus sa Bhille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram) 2023 an 8 Márta 2024. Má tá tú i dteideal vóta a chaitheamh agus mura bhfuil tú ar chlár na dtoghthóirí, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar nó roimh **Dé Máirt, 20 Feabhra 2024**.

**Le bheith i dteideal vótáil i Reifreann:**
(a) Ní mór duit a bheith 18 mbliana d'aois ar nó roimh an Aoine, 08 Márta 2024.
(b) Ní mór duit a bheith i do chónaí go lánaimseartha ag an seoladh ag ar mian leat a bheith cláraithe.
(c) Ní mór saoránacht Éireannach a bheith agat.

**Conas iarratas a dhéanamh:**
- Ar-líne ar www.checktheregister.ie
- Tá foirmeacha cóip chrua (ERF1) ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Halla na Cathrach, An Meal, Port Láirge; Deasca Seirbhísí do Chustaiméirí, Sráid Nua Bailey, Port Láirge, agus Oifigí Cathartha, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge, chomh maith lenár leabharlanna poiblí. Tá cóipeanna ar fáil freisin le híoslódáil ag www.checktheregister.ie.

### VÓTÁIL POIST

### NÍ BHEIDH TÚ IN ANN DUL GO DTÍ AN STÁISIÚN VÓTÁLA AR LÁ NA VÓTÁLA?

Má tá tinneas ort nó má tá tú faoi mhíchumas nó mar gheall ar chúiseanna oibre/seirbhíse nó staidéir nach féidir leat freastal ar stáisiún vótála ar lá na vótála, d'fhéadfá a bheith i dteideal vóta a chaitheamh tríd an bpost.

Má bhí vóta poist breoiteachta/míchumais agat san olltoghchán deireanach in 2020, ní gá iarratas eile a dhéanamh faoi láthair.

Déan teagmháil le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar 0818 10 2020 nó seol ríomhphost chuig franchise@waterfordcouncil.ie chun do stádas vótálaí poist a sheiceáil, nó chun d'incháilitheacht a fhiosrú. Is féidir foirmeacha chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist a íoslódáil ag www.checktheregister.ie

Ní mór iarratais ar iontráil ar liosta na bpostvótálaithe a bheith faighte ar nó roimh an dáta deiridh **Dé Luain, 12 Feabhra 2024**.

**Má tá aon fhiosruithe agat, seol ríomhphost chuig franchise@waterfordcouncil.ie nó glaoigh ar 0818 10 2020.**

Ní mór gach foirm chomhlánaithe a sheoladh ar ais trí ríomhphost chuig franchise@waterfordcouncil.ie nó tríd an bpost chuig an Rannóg Toghchórais, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Halla na Cathrach, An Meal, Port Láirge X91 PK15.

---

# REGISTER OF ELECTORS

## IT IS NOW YOUR RESPONSIBILITY TO ENSURE THAT YOU'RE REGISTERED TO VOTE.

**New Registration**
The referendums on the proposals contained in the Thirty-ninth Amendment of the Constitution (The Family) Bill 2023 and the Fortieth Amendment of the Constitution (Care) Bill 2023 will be held on 8 March 2024. If you are eligible to vote and not on the register of electors you must apply on or before **Tuesday 20 February 2024**.

**To be eligible to vote in a Referendum:**
(a) You must be 18 years of age on or before Friday, 08 March 2024.
(b) You must be living full time at the address at which you wish to be registered.
(c) You must have Irish citizenship.

**How to apply:**
- On-line on www.checktheregister.ie
- Hard copy forms (ERF1) are available at Waterford City and County Council, City Hall, The Mall, Waterford ; Customer Services desks, Baileys New Street, Waterford, and Civic Offices, Dungarvan, Co. Waterford, as well as from our public libraries. Copies also available to download at www.checktheregister.ie.

### POSTAL VOTE

### WON'T BE ABLE TO MAKE IT TO THE POLLING STATION ON POLLING DAY?

If your illness or disability or due to work/service or study reasons you are prevented from attending a polling station on polling day, you may be entitled to vote by post.

If you have had an illness/disability postal vote in the last general election in 2020, there is no need to re-apply at present.

Contact Waterford City and County Council on 0818 10 2020 or email franchise@waterfordcouncil.ie to check your postal voter status or to enquire about your eligibility. Forms to apply for a postal vote can be downloaded at www.checktheregister.ie

Applications for entry onto the postal voters list must be received on or before the closing date **Monday, 12 February 2024.**

For any enquires please email franchise@waterfordcouncil.ie or phone 0818 10 2020.

All completed forms must be returned by either email to franchise@waterfordcouncil.ie or by post to Franchise Section, Waterford City and County Council, City Hall, The Mall, Waterford. X91 PK15.

WCC1657 DB

| | |
|---|---|
| Waterford News & Star | 29x4 131mm |
| Munster Express | 29x3 128mm |
| Dungarvan Observer | 29x3 130mm |
| Dungarvan Leader | 29x3 128.5mm |